

SEÁN DÍLIS. FAITHFUL JOHN

Rí a bhí ann agus bhí mac aige. Bhí an fear seo aige i gcomhnaidhe. Seán Dílis a bhí air. Bhí sé dílis don Rí – níor chall dó a bheith ag breathnú ar thada, bhí Seán a’ breathnadh i ndiaidh chuile shórt. Ní raibh aon trustaidhe ag an Rí ach é. Bhí maith ag an Rí ach ní raibh a dhíol aois aige le bheith ina rí nuair a tháinig trághadh ar a athair, nuair a bhuail an bás an Rí. Nuair d’airigh sé an bás a bheith i ngar dó dubhairt sé leis an mac a rádh le Seán Dílis a theacht chomh fada leis go n-innsigheadh sé cupla focal cainte dó. Nuair a tháinig sé chomh fada leis annsin, “anois a Sheáin Dhílis tá mise a dul a fágáil bháis. Níl duine ar bith agam le fágáil i mo dhiaidh ach tusa. Níl a dhíol céille ag mo mhac go dtigidh an aois dó. Breathnóchaidh tusa ina dhiaidh. Níl duine ar bith eile a bhreathnóchaidh ina dhiaidh chomh maith is bhreathnóchadh tusa. Tiubhraidh tú cead dó a rogha rud a dhéanamh agus coinneochaidh tu seomraí an tighe uilig fosgailte ach an seomra uaine, ach fainic ar a bhfacá tú ariamh a leigfeá sa seomra é a bhfuil an dorus uaine air. Coinnigh glas ar an dorus agus ná leig isteach ann choidhchin é nó go mbeidh se a’ briseadh an doruis gan bhuidheachas duit. Gheall Seán dó é.

Fuair an Rí bás agus cuireadh é. Chuir Seán go maith é. Ní raibh an mac ag iarraidh comhairle ar bith ar Sheán go ceann dhá bhliain ach a’ déanamh cupla rud a d’orduigh Seán dó.

Lá annsin “Maise céard atá sa seomra sin a bhfuil an dorus uaine air?” adeir mac an Rí le Seán. “Maise níl rud ar bith ann” adeir Seán, “ach gur orduigh t-athair dúinn gan an seomra sin a fhosgailt nó go mbeadh sé féin trí bliana caillte. Is gearr eile go mbeidh an tríomhadh bliain caithte agus féadfaidh tú annsin an dorus a fhosgailt pé bí rud atá ann.”

B’fhuide leis na a shaoghal go mbeadh an bhliain caithte. Bhí sé a’ faire ar an dáta agus ar an lá annsin go dtáinig an lá. Nuair a tháinig an lá d’iarr sé ar Sheán an dorus uaine a fhosgailt. “Fosglóchaidh mise an dorus” adeir Seán. “Gabhfaidh mé féin isteach agus gabhfaidh tusa isteach i mo dhiaidh faitchíos go mbeadh rud ar bith ann a sgannróchadh thú.”

D’fhosgail Seán an dorus agus shiubhail sé isteach agus shiubhail mac an Rí isteach ina dhiaidh. Nuair a tháinig sé isteach sé an rud a chonnaic sé peictiúr mná, inghean rí a raibh an an cloigeann óir ar a theach, bhí an inghean chomh breagh gur thuit an mac an Rí i lagar nuair a chonnaic sé an peictiúr agus bhí deis ag Seán é a thógáil. Bhí Seán an-chríonna agus an-dílis agus bhí fhios aige go dtuitfeadh mac an Rí i ngrádh leis an inghin rí ar a’ bpointe ‘s d’fheicfeadh sé an peictiúr. Nuair a bhí sé tógtha annsin aige, “Well anois” adeir mac an Rí, “ní bheidh mise beo mara bhfágadh mé an bhean sin le pósadh.”

“Ní gheithfidh tú í sin le pósadh go gcuiridh tú caoi ort féin. Caithfidh tú soitheach a fhágáil le dul san áit a bhfuil sí agus caithfidh an oiread seo cupán óir a cheannacht agus a gcur isteach sa soitheach, agus nuair a ghabhfas muid san áit a bhfuil sí gabhfaidh mise chomh

fada léithe go spáinidh mé iad agus b'fhéidir go meallfaidh mé liom í" adeir sé. "Ní bhfuighidh tú í mara bhfuaduighid muid í."

Fuair siad an soitheach annsin agus cheannuigheadar cuimse cupán óir, sgeana agus spúnógaí óir agus chuile rud a d'fheilfeadh do chúirt 's do bhord agus chuireadar isteach sa soitheach iad. Thógadar seol ar an soitheach agus sheoladar chomh fada leis an tír a raibh an inghean rí ina comhnaidhe. Nuair a tháinig siad i dtír ghléas Seán Dílís é féin in éadach ceannuidhe agus thug sé roinnt de na cupáin óir agus de na nidhthe eile a bhí sa soitheach aca. Shiubhail sé leis go dtáinig sé ag an gcúirt a raibh inghean an rí. Nuair a tháinig sé ag geata na cúirte bhí beirt chailíní aimsire a dhul amach agus nuair a chonnaic siad an ceannuidhe, "ó céard atá annsin agat?" adeir siad. "Sgeana agus spúnóga óir" adeir Seán Dílís, "agus rudaí a d'fheilfeadh do chúirt." "Fan annsin agus gabhfaidh mé isteach agus innseochaidh mé don bhean uasal atá istigh, b'fhéidir go gceannóchadh siad rud eicint uait." "Déan" adeir Seán Dílís. Chuaidh, agus tháinig an bhean uasal amach. Nuair a chonnaic sí na hearraidh a bhí ag Seán Dílís dubhairt sí go mba dheas iad.

"Gabh isteach" adeir sí. "Ní mórán ama atá agam agus níl mórán de na hearraidh seo agam ach samplaí ón soitheach. Ba cheart duit a thigheacht chomh fada leis an soitheach go bhfeicidh tú a bhfuil againn. Tá mac rí in éinfheacht linn freisin" adeir sé, a déanamh aeir dhó féin, b'fhéidir go dtaitheanochadh sé leat." "B'fhéidir" adeir sí, gabhfaidh."

Tháinig siad anuas chun an tsoithigh annsin. Nuair a tháinig siad ar bord dubhairt Seán Dílís an bhean uasal a thabhairt síos sa gcábán. Thug, agus má thug féin, ní raibh locht ar bith d a fhágáil aice ar a chomhlúadar. D'orduigh sé don fhoireann an soitheach a chur chun seoil agus déanamh ar an mbaile. Nuair a bhí siad ag déanamh ar an mbaile annsin chuaidh Seán Dílís i gceann an tsoithigh agus chuir sé leath-cheathramha faoi. Ní raibh éan san aer ná rud ar bith nach raibh Seán i ndon adhmaid a bhaint as a gcuid cainte. Bhreathnuigh sé os a chionn agus chonnaic sé péire coróg ag imtheacht an bealach céadna a raibh an soitheach a dhul. Is gearr gur thosuigh na coróga a' caint le chéile.

"Ara muise" adeir an chéad cheann aca a labhair, "tí sí a' dhul siar aige." "is beag a' mhaith dó sin" adeir an ceann eile. "Tuige sin?" adeir an chéad cheann. "Is gearr go mbeidh an capall ruadh ar an talamh" adeir sí. "Agus céard a dhéanfas an capall ruadh?" "Déanfaidh sí mac a' rí a mharbhú agus an bhean a thabhairt uaidh" adeir an choróg eile. "Agus dá mbeadh fear ann agus claidheamh aige a bhainfeadh an cloigeann di céard a dhéanfaidh sí?" adeir an chéad choróg. "Dá mbeadh" adeir an choróg eile, "ní fhéadfadh sí tada a dhéanamh, ach cén mhaith dhó í a mharbhú, dá marbhúighití an capall féin nach dtuitfeadh an bhean marbh faoi cheann dhá lá ina dhiaidh."

"Ó dá mbeadh fear cliste ann a stopfaidh a chuid cuisleacha agus a bhainfeadh braon fola faoi na cích dheis amach d'éireochadh sí chomh maith 's bhí sí ariamh agus ní bheadh tada uirthi níos mó" adeir an préachán. Ní raibh focal dár labhair na coróga nár thuig Seán Dílís.

Nuair a tháinig siad i dtír ghabh Seán amach as an soitheach. Bhí an chladheamh ina láimh aige. Is gearr go bhfaca sé an capall rua a tigheacht. Dhruid sé faoi n-a comhair gur bhain sé an cloigeann di. Bhain sé an ceann ón gcolainn agus bhuaill sé an ceann aríst i riocht is nach an ceann i ndon aon obair a dhéanamh.

“Céard tá déanta agat,” adeir inghean an rí, “mo chapall marbh agat.” “Marach go raibh sé ceart aige é a dhéanamh ní dhéanfadh sé é” adeir mac an rí. “Ní dhearna sé aon bhlas as bealach ariamh, b’fhéidir go raibh” adeir sí.

Ní raibh aon bhlas suime ann níos mó annsin ach phós siad, agus i gceann dhá lá thuit sí as a seasamh. Tháinig Seán Dílis agus leig sé braon fola aisti mar chuala sé an choróg a rádh. D’eirigh sí chomh maith is bhí sí ariamh. Nuair a chonnaic mac an rí an fhuil chuir sé fios ar an ngarda agus cuireadh Seán Dílis isteach i bpríosún. Níor dhúirt sé aon fhocal agus ní raibh aon mhaith dhó a’cainnt.

Nuair a tháinig an triál annsin agus tháinig an breitheamh dá thriál ach ní raibh mórán dá rádh ag Seán agus sé an bhreith a tugadh eile é a chrochadh. Cuireadh fios ar an gcrochadóir agus tháinig an crochadóir. Nuair a bhí sé thuas ar an stafail le crochadh, “anois” adeir an breitheamh, “rud ar bith atá le rádh agat abair é.”

“An t-am a raibh a athair seo a’ fágáil bháis chuir sé fios orm agus dubhairt sé liom aire a thabhairt dó agus ciall a chur ann. Ní raibh sé ach óg. Chonnaic sé peictiúr na mná seo annsin agus ní raibh aon rud uaidh ach í a phósadh. Chuir sé féin stuaim orm annsin go bhfuadúighfeadh muid í, mar bhí fhios agam nach bhfuighfeadh muid óna hathair í. Nuair a bhí sí a’tigheacht annsin sa soitheach agus í a’tigheacht linn chonnaic mé trí corogaí san aer os mo chionn agus thosuigh siad a’ cainnt le chéile. Dubhairt ceann aca an chéad uair “tá sí a dhul siar anois aige.” “Is beag a’ mhaith dó” adeir an ceann eile. “Tuige sin?” “Ó” adeir an chéad cheann a labhair, “cér fhág tú an capall rua a mharbhóchas mac an rí,” agus mise ag éisteacht leo dá dtuigsint.

“Dá mbeadh fear eile ann a mharbhóchadh an capall rí” adeir an choróg eile aca, “ní theangbhóchadh mac an rí air. “Dá marbhúighfeadh féin” adeir an choróg eile aca, is beag an mhaith sin, mar nach ngeithfidh inghean an rí bás dhá lá ina dhiaidh sin, agus mara mbeadh fear cliste ann a ligfeadh braon fola faoi n-a cích dheis, amach gheithfeadh sí bás, agus dá leigeadh, d’éireochadh sí.” Bhí mise ag éisteacht leis na coróga dá rádh sin agus nuair a tháinig an capall rua mharbhúigh mé an capall rua, agus nuair a thuit an bhean leig mé an braon fola agus mara raibh an fhírinne ag na corógaí rua d’eirigh sí aníos aríst.” “Rinne tú é sin” adeir an bhean. “Mharbhúigh tú an capall rua. Ní raibh aon locht aige ort faoin capall rua a mharbhú agus má déantar aon bhlas ort imtheochaidh mise uaidh. Má tú a dhul do chrochadh imtheochaidh mé uait,” adeir sí, le mac an rí.

Leigeadh Seán Dílis saor. D’fhan sé in éinfheacht leob. Faoi cheann bliana bhí cúpla acab agus nuair a bhí siad ag eirghe suas ní raibh aon bhlas suime ina n-athair’s ina máthair acab ach i Seán Dílis. D’fhan Seán in éinfheacht leob go bhfuair sé bás. Ní thiubhradh an bhean ordlach ar ór de.

Is amhlaidh a chuala Micilín an sgéal seo ag a inghin Sal. Léigh sí an sgéal i mBéarla i leabhar Grimm agus d’innis sí an sgéal dó-san i nGaedhilge. Ní bheadh sé suaimhneach nó gur sgríobhas síos é.